



# Ag tabhairt foláirimh
# Fógraí coitianta


**Meaitseáil an foláireamh leis an íomhá chuí. Scríobh na freagraí sa ghreille ag bun an leathanaigh.**




| | |
|---|---|
| **1.**  | **a.** BEALACH AMACH |
| **2.**  | **b.** CAS AR DHEIS |
| **3.**   | **c.** SEACHAIN! |
| **4.**   | **d.** SEACHAIN! |
| **5.**  | **e.** CIÚNAS |
| **6.**  | **f.** CAS AR CHLÉ |
| **7.**  | **g.** COIMHÉAD |
| **8.**  | **h.** GÉILL SLÍ |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Ag tabhairt foláirimh
# An áit chuí

**Léigh na foláirimh seo a leanas. Cá mbíonn na foláirimh le feiceáil? Athscríobh na foláirimh chuí in aice leis na háiteanna oiriúnacha ag bun an leathanaigh.**

| | |
|---|---|
| CIÚNAS |  |
| COIMHÉAD |  |
| GÉILL SLÍ |  |
| BEALACH AMACH |  |

| | |
|---|---|
| SEACHAIN! |  |
| SEACHAIN! |  |
| CAS AR DHEIS |  |
| CAS AR CHLÉ |  |

**1.** ar an mbóthar ____________________________

**2.** leabharlann ____________________________

**3.** stáisiún traenach ____________________________

**4.** saotharlann ____________________________

**5.** crosbhóthar ____________________________

**6.** Comhartha bóthair ____________________________

**7.** in aice na farraige ____________________________

**8.** pictiúrlann ____________________________

# Ag tabhairt foláireamh
# Sa chistin

**Tá an príomhchócaire agus an fo-chócaire sa chistin i mbialann. Léigh an comhrá seo a leanas le do pháirtnéir agus tóg sealanna ag glacadh róil éagsúla.**

**Príomhchócaire:** Tabhair dom an t-im le do thoil.

**Fo-chócaire:** Seo duit.

**Príomhchócaire:** Cuir an bainne isteach sa phota anois.

**Fo-chócaire:** Mar seo?

**Príomhchócaire:** Sin é. Anois faigh salann agus piobar.

**Fo-chócaire:** Cinnte.

**Príomhchócaire:** Measc iad ar fad le chéile.

**Fo-chócaire:** Mar seo?

**Príomhchócaire:** Bí cúramach! Déan mar seo é, tá sé níos fearr.

**Fo-chócaire:** Ó, tuigim.

**Príomhchócaire:** Brostaigh ort, tá na custaiméirí ag fanacht.

**Fo-chócaire:** Fan nóiméad, tá sé beagnach réidh.

**Príomhchócaire:** Cuir ar na plátaí anois é.

**Fo-chócaire:** Ceart go leor!

**Príomhchócaire:** Tabhair na plátaí don fhreastalaí.

**Fo-chócaire:** A Shorcha, déan deifir, tá an béile réidh! Seachain! Tá na plátaí an-te.

**Ullmhaigh ceann de na deochanna seo a leanas. Bain úsáid as an gcomhrá thuas:**

- **cupán tae**
- **cupán caife**
- **caife Ghaelach**

**Mar shampla:** Anois, faigh an mála tae. Cuir an mála tae sa chupán. Cuir uisce te sa chupán. Bí cúramach!

**An raibh caife Gaelach agat riamh?**

**An bhfuil caife ar leith ag do thír dhúchais?**

**Tabhair treoir don rang ar conas a dhéantar é.**